AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SIOLLABAS DON TEASTAS SÓISEARACH

TÍREOLAÍOCHT

RÉAMHRÁ

1.1 Tíreolaíocht agus an Tsochaí

Is é atá sa tíreolaíocht ná staidéar ar dhaoine agus ar an mbaint atá acu leis an timpeallacht. Le cabhair an eolais seo is féidir teacht ar thuiscint ar na próisis fhisiceacha, shóisialta agus eacnamaíocha a mhúnlaíonn an timpeallacht sin.

Tá oideachas á chur ar dhaoine óga sa lá atá inniu ann i saol inar cás le daoine na ceisteanna seo a leanas:-

- Sochaithe atá ag éirí níos ilchultúrtha
- Éagothroimí móra sóisialta agus eacnamaíocha ar chéimeanna éagsúla
- Luathú ar athruithe socheacnamaíocha
- Méadú ar an imní faoin meath atá ag teacht ar mhianach na timpeallachta ina lán réigiún

1.2 An Siollabas

Is féidir le heolas ar an tíreolaíocht cabhrú go mór le daoine óga feidhmiú níos éifeachtaí ina mbaill den tsochaí. Cuireadh an siollabas seo le chéile leis an intinn an aidhm sin a chur i gcrích.

Tá sé bunaithe ar roinnt eochairchoincheapa tíreolaíochta; is iad na coincheapa céanna seo ceartlár an tsiollabais Ardteistiméireachta atá ann i láthair na huaire. Tá leanúnachas soiléir, mar sin, idir an siollabas sóisearach agus an ceann sinsearach.

Is é an tuairim atá laistiar den siollabas ná, nach féidir teacht ar thuiscint ar a lán de na ceisteanna, ar cás le tíreolaithe iad, gan tuiscint don dearcadh agus do na luachanna daonna atá i gceist.

Tuigtear go bhfuil an múinteoir tíreolaíochta ag gabháil do réimse fairsing eolais agus ag baint leasa as modhanna múinte a chuimsíonn a lán teicníochtaí agus scileanna éagsúla.

Tá an fhairsinge agus an éagsúlacht seo mar bhunchúiseanna leis an spreagadh atá le fáil san ábhar agus tá d'aidhm leis an siollabas seo, an dalta a ghríosadh agus cabhrú leis leas iomlán a bhaint astu.

1.3 Comhdhéanamh an tSiollabais

Cuirtear an siollabas i láthair i dtrí roinn agus tá téama leathan mar bhonn le gach ceann acu.

A. An Ghnáthóg Dhaonna - Próisis agus Athrú
B. Daonra, Gréasáin Lonnaíochta agus Uirbiú
C. Gréasáin Gníomhaíochta Eacnamaíochta

Tá gach roinn fo-roinnte arís in aonaid staidéir/ múinteoireachta. Tá liosta eochairsmaointe i ngach aonad acu agus déantar iad seo a iniúchadh le cabhair sraith de staidéir shonraithe, laistigh de shuíomh áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta. (Beidh staidéir ar thíortha forbartha agus ar thíortha atá á bhforbairt san áireamh sa cheann deireanach).

Tá d'aidhm leis na staidéir seo, léirthuiscint ar choincheapa tromchiallacha, ar thuairimí ginearálta agus ar cheisteanna a chothú agus réim scileanna a shaothrú, in ionad díriú ar eolas fíorasach a chur de ghlanmheabhair mar aidhm ann féin. Is é an toradh a bheidh ar an gcur chuige seo - sraith smaointe a iniúchadh le cabhair roinnt bheag staidéar samplach, laistigh de shuímh éagsúla - go mbeidh an siollabas seo i bhfad níos giorra ná an seancheann.

Tá sé i gceist, mura luaitear a mhalairt, go dtabharfaidh na daltaí faoi gach ceann de na staidéir atá á gcur i láthair.

1.4 Creatlach an tSiollabais *

ROINN		AONAID	
A.	An Ghnáthóg Dhaonna - Próisis agus Athrú	1.	Dromchla an Domhain: Cumadh na Screimhe
		2.	An t-Atmaisféar Guairneánach: an t-Inneall Teasa
		3.	Oibriú ár gCóras Tacaíochta Beatha
B.	Daonra, Gréasáin Lonnaíochta agus Uirbiú	1.	Daonra - Dáileadh, Éagsúlacht agus Athrú
		2.	Daoine ag Aistriú
		3.	Lonnaíocht: Athrú gréasán sna háiteanna ina gcónaímid-sráidbhailte agus bailte móra
		4.	Uirbiú: Athrú gréasán sna háiteanna ina gcónaímid - Cathracha
C.	Gréasáin Ghníomhaíochta Eacnamaíochta	1.	Gníomhaíochtaí Príomhúla Eacnamaíochta: An Domhan ina acmhainn
		2.	Gníomhaíochtaí Tánaisteacha Eacnamaíochta: Ag déanamh táirgí d'acmhainní
		3.	Gníomhaíochtaí Treasacha Eacnamaíochta: cabhrú linn leas a bhaint as acmhainní
		4.	Eagothroime Eacnamaíochta: Acmhainní an Domhain - cé a bhaineann sochar astú?

* Tá an Gnáthleibhéal <u>agus</u> an t-Ardleibhéal de réir an chreatlaigh seo.

1.5 Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Tá an creatlach seo sna cúrsaí Gnáthleibhéil agus sna cúrsaí Ardleibhéil.

Is é an príomhdhifríocht atá idir an dá leibhéal, ar ndóigh, ná doimhne an iniúchta a dhéanfar i gcás gach ceann de na staidéir agus an méid teibíochta a bheidh i gceist. Déanfar éilimh áirithe sa bhreis ar dhaltáí an Ardleibhéil ar fud an tsiollabais. Sampla de seo is ea staidéir chomparáideacha ina ndéantar tuairim a iniúchadh i níos mó ná suíomh amháin etc. Tá cló trom sa chuntas cúrsa ar na staidéir ar leith atá dlite don Ardleibhéal.

Tá codanna áirithe de na scileanna praiticiúla, freisin, dlite le haghaidh an Ardleibhéil amháin. Tá mionchuntas orthu seo sa tábla - Scileanna Praiticiúla le haghaidh na Tíreolaíochta ar na Leibhéil Sóisearacha - i gcaibidil a 3 thíos.

2. AIDMHEANNA AGUS CUSPÓIRÍ

2.1 Aidhmeanna

2.1.1 Fios a chothú ar na gréasáin spáis agus ama atá i gceist i bhfeiniméin na timpeallachta idir nádúrtha agus cultúrtha.

2.1.2 Tuiscint a shaothrú ar na próisis nádúrtha, sóisialta agus eacnamaíocha is bun leis na gréasáin seo agus ar na próisis a mhúnlaíonn iad.

2.1.3 Tuiscint a shaothrú ar na hidirghníomhaíochtaí casta a tharlaíonn imeasc na bhfeiniméan seo i saol atá de shíor ag athrú.

2.1.4 Fios a chothú ar an dtimpeallacht i dtreo go mbeifear faicheallach faoi.

2.1.5 Daltaí a ghríosadh chun fios daoine, áiteanna agus tírdhreacha, ina dtír féin agus i dtíortha eile, a bheith acu agus a bheith faicheallach fúthu.

2.1.6 Cabhrú leis na daltaí ceisteanna agus fadhbanna tábhachtacha shaol na linne seo a thuiscint.

2.1.7 Deiseanna a chur ar fáil d'fhonn fiosracht nádúrtha an dalta faoina thimpeallacht shóisialta agus fhisiceach a spreagadh agus cabhrú leis tógáil ar an bhfiosracht sin.

2.1.8 Cabhrú leis an dalta smaoineamh a dhéanamh de réir eagair agus cumas léirfhiosaithe a shaothrú, ní amháin agus é ag plé le heolas fíorasach ach, freisin, agus é ag plé le feidhmiú, anailísiú, sintéisiú, measúnú, cruthaíocht agus samhlaíocht.

2.1.9 Raon scileanna praiticiúla, sóisialta, measaithe agus cumarsáide, a bhfuil tábhacht leo ó thaobh na tíreolaíochta de, maraon le tábhacht ghinearálta, a shaothrú.

2.2 Cuspóirí an chúrsa

Tá an t-eolas, na coincheapa, na scileanna agus an dearcadh ar chóir na daltaí a spreagadh chun iad a ghabháil, agus a shaothrú le cabhair an chúrsa tíreolaíochta seo, áirithe sna cuspóirí cúrsa.

2.2.1 Eolas

Agus staidéar á dhéanamh ar an gcúrsa seo a leanas ba chóir go bhfaigheadh na daltaí eolas agus tuiscint ar

- samplaí de fheiniméin agus de phróisis fhisiceacha timpeallachta a bhaineann le hÉirinn agus áiteanna eile
- samplaí de fheiniméin agus de phróisis shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíocha a bhaineann le hÉirinn agus áiteanna eile
- idirghníomhaíocht fheiniméan dá leithéid seo:

- an tslí a n-idirghníomhaíonn grúpaí feiniméan fisiceach timpeallachta le chéile
- an tslí a n-idirghníomhaíonn grúpaí feiniméan sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíocha le chéile
- an tslí a n-idirghníomhaíonn feiniméin fhisiceacha, chultúrtha agus eacnamaíocha le chéile

. torthaí a leithéid d'idirghníomhaíocht
. cineál agus éagsúlacht thírdhreacha cultúrtha agus fisiceacha in Éirinn agus in áiteanna eile
. gnéithe praiticiúla na nithe ar fad atá luaite thuas, de réir mar atá baint acu le timpeallacht agus le pobal áitiúil an dalta.

2.2.2. <u>Coincheapa</u>

Cothófar sna daltaí agus iad ag déanamh staidéir ar an siollabas seo

. <u>tuiscint</u> ar na príomh-choinceapa ar a bhfuil an siollabas tógtha, viz:
    - suíomh
    - dáileadh spásach
    - spásghaolmhaireacht
    - comhghaolmhaireacht
    - idirghníomhaíocht spásach
    - dlús
    - gréasán
    - réigiún
    - athrú i bhfad aimsire
. an cumas <u>leas a bhaint</u> as na coincheapa seo agus iad <u>a chur i bhfeidhm</u> i slí go méadófar tuiscint na ndaltaí ar thuairimí ginearálta tromchiallacha, ar a bhfuil mion-samhlacha, teoiricí agus prionsabail.

2.2.3 <u>Scileanna</u>

Ba cheart go mbeadh an deis ag na daltaí, de thoradh an tsiollabais thíos, na scileanna seo a leanas a thabhairt chun inmhe agus a chleachtadh:

. Leas agus ciall a bhaint as foinsí éagsúla eolais, m.sh.
  - léarscáileanna (léamh agus obair le léarscáileanna mionscála agus suirbhéireachta ordanáis)
  - cumraíochtaí (tuiscint ar eolas a chuirtear ar fáil i gcló cumraíochtaí cosúil le líneghraf, barraghraf, píchairt, léaráidí agus mionsamhla pictiúrtha)
  - staitisticí (tuiscint ar eolas a chuirtear ar fáil i gcló uimhreacha agus tuiscint ar thomhais agus ar ríomhaireachtaí simplí)
  - fótagraif (fótagraif, agus aerfótagraif agus fótagraif ó shaitilítí san áireamh, a thuiscint agus ciall a bhaint astu)
  - pictiúir (pictiúir agus cartúin a thuiscint agus brí a bhaint astu)
  - foinsí scríofa (téarmaíocht na tíreolaíochta a léamh agus a thuiscint)
  - foinsí leictreonacha (e.g. sonraí agus pacáistí ríomhaireachta, cláracha raidió agus teilifíse, téipeanna cluas agus súl)
. Eolas agus tuairimí a chur i láthair agus a chur in iúl i slite éagsúla (léarscáileanna, figíúirí, staitisticí, scríofa agus ó bhéal)
. modhanna fiosraithe éagsúla, idir mhodhanna tíreolaíochta agus ginearálta, a roghnú agus leas a bhaint astu; bídís seo san áireamh:-

    eolas a aimsiú, a fháil ar ais, a chnuasach, a thaifeadadh, a choimheas, a léiriú, a anailísiú, a aicmiú agus a mhíniú.
. Leas a bhaint as fiosrú bunaidh tíreolaíochta in obair allamuigh agus i sráidobair (cnuasach, taifeadadh, measúnú eolais a bhailítear amuigh faoin spéir; teicníochtaí agus fearais a úsáid i gceart; áiteanna oiriúnacha le haghaidh tuairimí a thriail, a aithint).
. Eolas a shintéisiú agus a mheas (e.g. idirdhealú a dhéanamh idir tuairimí agus fíorais, teacht ar thuairimí, hipitéisí simplí a chruthú, meastóireacht eolgaiseach a dhéanamh, réiteach stuama a mholadh ar fhadhbanna agus, nuair is cuí,

pleananna réalaíocha gníomhaíochta a mholadh).

- Scileanna sóisialta (e.g. obair a dhéanamh go héifeachtach ina n-aonar nó i ngrúpaí, déanamh de réir treoracha, comharobair agus comhoibriú, cumarsáid labhartha a úsáid d'fhonn eolas a iarraidh agus a chur in iúl).

2.2.4 <u>Dearcadh</u>

Ba cheart go ndéanfaí na daltaí a ghríosadh le cabhair an chúrsa tíreolaíochta seo chun dearcadh dearfach a bheith acu orthu féin, ar dhaoine eile agus ar an dtimpeallacht. Tá sé mar chuid den dearcadh sin:-

- A bheith toilteanach feiniméin nádúrtha agus chultúrtha a thuiscint agus a mheas de réir dearcadh daoine eile
- Tuiscint a bheith acu d'éagsúlacht feiniméan sóisialta, cultúrtha agus timpeallachta
- Fios a bheith acu ar an mbaol atá le tuairimí claonta agus buanchruthacha de gach saghas
- Tuiscint faicheallach a bheith acu ar mhianach aeistéitiúil na timpeallachta nádúrtha agus cultúrtha i dtreo go mbeidh fonn orthu é a chaomhnú
- Dearcadh stuama a bheith acu ar chaomhnú agus ar shaothrú acmhainní
- Tuiscint a bheith acu don choimheascar a bhíonn idir na riachtanais a bhíonn ag teacht salach ar a chéile i gcás phleanáil na timpeallachta, e.g. riachtanais shóisialta, aeistéitiúla, éiceolaíocha, eacnamaíocha etc.
- Dearcadh dearfach a bheith acu ar rannpháirtíocht i bpróisis an daonlathais, go háirithe na próisis a théann i bhfeidhm ar na cinnte a dhéantar
- A bheith toilteanach a bheith páirteach i gcúrsaí an tsaoil agus cúram a dhéanamh díobh
- Muinín a bheith acu astu féin, meas a bheith acu orthu féin agus tuiscint a bheith acu do bhunúdair a gcuid aireachtála féin.

3. SCILEANNA PRAITICIÚLA LE H-AGHAIDH NA TÍREOLAÍOCHTA AR AN LEIBHÉAL SÓISEARACH

AN SCIL	GNÁTHLEIBHÉAL	ARDLEIBHÉAL
LÉIRLÉAMH LÉARSCÁILEANNA (a bheith ábalta ciall a bhaint as léarscáileanna mionscála agus léarscáileanna na suirbhéireachta ordanáis)	- Eolas a bhaint as léarscáileanna - Siombail a aithint - Airde a léamh ar (agus idir) na comhrianta - faid dhíreacha agus lúbacha a thomhas - leas a bhaint as tagairtí eangaí - gaolmhaireachtaí simplí tíreolaíochta a aithint - an bhaint idir léarscáileanna agus fótagraif agus foinsí eile eolais a thaispeáint - treoshuí amuigh faoin spéir.	A bhfuil ar an nGnáthleibhéal <u>maraon le</u> - Limistéar ar léarscáil a thomhas - fána cuasach nó dronnach a aithint - Tuairimí ginearálta a bhunú ar shonraí léarscáile. - easpaí léarscáileanna seachas a chéile chun fónaimh eagsúla, a aithint.
LÉIRMHÍNIÚ FÍORACHA (a bheith ábalta eolas a chuirtear ar fáil i gcló fíoracha a thuiscint agus a anailísiú)	- An t-eolas a chuirtear ar fáil i gcló fíor-acha cosúil le lineghraif, barraghraif, píchairteacha, léaráidí simplí agus samhlacha pictiúrtha a thuiscint.	A bhfuil ar an nGnáthleibhéal <u>maraon le</u> - anailís ar eolas a chuirtear ar fáil sa chló seo. - éifeacht fíorach mar áis léirithe eolais a mheas

AN SCIL	GNÁTHLEIBHÉAL	ARDLEIBHÉAL
ANAILÍS FÓTAGRAF (a bheith ábalta ciall a bhaint as fótagraif ar a bhfuil aerfótagraif ceartingearacha agus sceabhacha agus fótagraif ó shaitilítí)	- Mórghnéithe maraon le gaolmhaireachtaí simplí agus gréasáin tíreolaíochta a léirítear sna fótagraif seo a aithint agus ciall a bhaint astu. - Cur síos a dhéanamh ar ghnéithe, ar ghaolmhaireachtaí agus ar ghréasáin dá leithéidí seo i bhfriotal cruinn simplí. - Na rudaí a thugtar faoi deara i bhfótagraf de cheantar, a chur i gcomparáid leis na rudaí a thugtar faoi deara i léarscáil den cheantar céanna.	A bhfuil ar an nGnáthleibhéal <u>maraon le</u> - a bheith ábalta an chúinge atá leis an leas is feidir a bhaint as cineálacha fótagraf a aithint.
ÁIREAMH AGUS SCILEANNA UIMHRÍOCHTA (A bheith ábalta eolas i gcló uimhriúil a thuiscint agus a bheith ábalta leas a bhaint as an eolas sin chun ríomhaireacht shimplí a dhéanamh)	- Staitisticí agus sonraí uimhriúla eile a léamh. - Gréasáin shimplí agus treochtaí a aithint de réir mar atá siad le tuiscint as na sonraí seo. - Dhá shraith sonraí a chur i gcomparáid le chéile agus a ngaolmhaireacht a a áireamh. - Ríomhaireachtaí simplí a dhéanamh a bheadh bunaithe ar shonraí áirithe.	A bhfuil ar an nGnáthleibhéal <u>maraon le</u> - ríomhaireacht níos casta, a bheadh bunaithe ar shonraí áirithe, a dhéanamh. - Eachtarshuímh, réamhaisnéisí agus réamh-mheastacháin a bheadh bunaithe ar ghréasáin agus ar threochtaí aitheanta a dhéanamh.

AN SCIL	GNÁTHLEIBHÉAL	ARDLEIBHÉAL
CIALL A BHAINT AS PICTIÚR (a bheith ábalta eolas a chuirtear in iúl le pictiúir agus cartúin a thuiscint)	- Mórghnéithe atá le feiceáil i bpictiúir a aithint. - Breacghréasáin agus gaolmhaireachtaí simplí a aithint. - "An teachtaireacht", má tá a leithéid sa phictiúr, a aithint.	A bhfuil ar an nGnáthleibhéal <u>maraon le</u> - héifeacht pictiúr agus cartún, chun fónaimh áirithe, a mheas.
TARRAINGT FÍORACHA (a bheith ábalta eolas scríofa nó staitisticí a chur i gcló fíoracha).	- Fíoracha cosúil le líneghrafanna, barr-ghrafanna, píchairteacha agus léaráidí a tharraingt (léaráidí trasghearrthacha bunaithe ar eolas as léarscáileanna san áireamh)	A bhfuil ar an nGnáthleibhéal <u>maraon le</u> - sceitsí agus samhlacha de ghnéithe tíreolaíochta a dhéanamh.
TARRAINGT LÉARSCÁILEANNA (a bheith ábalta léarscáileanna mionchruinne a tharraingt agus a bhreacadh)	- Sracléarscáileanna a tharraingt agus iad bunaithe ar shonraí áirithe atá i riochtaí éagsúla.	- Sracléarscáileanna a tharraingt ag brath ar chuimhne - Léarscáileanna mionchruinne a tharraingt, bunaithe ar shonraí áirithe agus iad de réir scála, más gá.

AN SCIL	GNÁTHLEIBHÉAL	ARDLEIBHÉAL
OBAIR ALLAMUIGH AGUS SRÁIDOBAIR (a bheith ábalta eolas a fhaightear amach taobh amuigh den seomra ranga a bhailiú, a thaifeadadh agus a mheas; a bheith ábalta feidhm a bhaint as an trealamh mar is cóir agus a bheith ábalta láithreacha oiriúnacha a aithint chun tuairimí a thriail).	Imscrúdú tíreolaíochta a phleanáil agus a chur i gcrích: - sonraí, ar thángthas orthu de thoradh breathnaithe, a thaifeadadh chun freastal ar aidhm a cuireadh in iúl go soiléir. - rangú simplí a dhéanamh ar shonraí - gréasáin agus gaol-mhaireachtaí a aithint - tátail agus tuairimí ginearálta a bhaint as sonraí - leas a bhaint as modhanna oiriúnacha léirithe.	A bhfuil ar an nGnáthleibhéal

4. CUNTAS CÚRSA

Tugadh na daltaí ar fad faoi na staidéir a bhfuil cuntas orthu i ngnáthchló.

Ná tugadh ach daltaí an Ardchúrsa faoi na staidéir a bhfuil cúntas orthu i gcló trom.

ROINN A: GNÁTHÓG DHAONNA-PRÓISIS AGUS ATHRÚ

Aonad A1. Dromchla an Domhain: cumadh na screimhe.

	Eochairthuairimí	Suímh		
		Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
(i)	Tá screamh an domhain déanta de charraigeacha. Tá na carraigeacha seo éagsúil lena chéile ó thaobh bunúis, foirmíochta agus tréithe. Áirítear trí mhór-ghrúpa a bheith ann: - Bruthcharraigeacha, m.sh. eibhear agus basalt. - Carraigeacha Dríodair, m.sh. aolchloch agus gaineamhchloch. - Carraigeacha Meiteamarfacha, m.sh. marmar agus grianchloichít.	Gnáthchairéal carraige.	Dáileadh na dtrí ghrúpa ar fud na hEireann.	
(ii)	Tá screamh an domhain déanta de roinnt plátaí inghluaiste. Is de bharr imoibriú na bplátaí seo ar a chéile ag teorainneacha na bplátaí a tharla príomhghnéithe geo-moirfeolaíochta na screimhe. Aithnítear dhá mhórtheorainn idir plátaí;			Fáinne tine na Ciúin-Aigéine.

Eochairthuairimí	Suímh		
	Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
- Plátaí atá á scaradh óna chéile; iomairí meánaigéine agus oileáin bholcánacha.			An Íoslainn Na Sléibhte Creagacha Nó Na hAindéis
- Plátaí atá ag imbhualadh le chéile: fillshléibhte agus creasa ina mbíonn creathanna talún.		**Cúige Mumhan**	California
(iii) Tarlaíonn díscaoileadh agus aistriú dlúthábhair agus ábhair scaoilte carraige ar dhromchla an domhain de bharr oibriú próiseas éagsúil. Tugtar lomairt ar na próisis seo trí chéile.			
Tugtar síon-chaitheamh ar dhíscaoileadh carraigeacha in situ. Tarlaíonn sé seo i roinnt slite:			
- Sioc ina oibrí meicniúil síonchaithimh	Foirgnimh áitiúla agus reiligí	An Bhoireann	**Réigiúin oighrithe Réigiúin trópaiceacha**
- Uisce ina oibrí ceimiceach síonchaithimh			
(iv) Gluaiseann ábhar síon-chaithimh le fána de thoradh domhan-tarraingthe. Is féidir an ghluaiseacht seo a bheith mall (mar a tharlaíonn i gcás ithir-théaltaithe) nó tapaidh (mar a tharlaíonn i gcás scioradh talún)	Fánaí áitiúla	Aillte cósta **Brúchtaí portaigh**	**Mórthubaiste domhanda**

	Eochairthuairimí	Suímh		
		Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
(v)	Déanann oibrithe inghluaiste ionsaí ar dhlúthcharraigeacha agus ar ábhar scaoilte, i dtreo go dtarlaíonn creimeadh, iompar agus silleagan. Tá uisce reatha, oighear ag gluaiseacht, agus an fharraige ar na cinn atá tábhachtach imeasc na n-oibrithe seo. (ROGHNAIGH LE H-AGHAIDH STAIDÉIR UISCE REATHA AGUS CEANN AMHÁIN DE NA H-OIBRITHÉ EILE IN (V) THUAS)	Abhainn/ sruthán áitiúil	Samplaí i dtírdhreach na hÉireann	
(vi)	Tarlaíonn idir-ghníomhaíocht idir an duine agus na próisis nádúrtha tírdhreacha i roinnt slite:	Réiteach talún le haghaidh tógála (m.sh. bóithre)	Cóstaí na hÉireann Stáisiúin HEP na hÉireann	
	- Bíonn an duine gníomhach sna próisis seo a leanas, cuir i gcás: cré-aistriú, tógáil dambaí, oibreacha cosanta cósta.			
	- D'fhéadfadh an idir-ghníomhaíocht seo maitheas nó díobháil a dhéanamh do dhaoine:			
	- Díobháil: creathanna talún, tuilte, sciorrthaí talún, bolcáin.			Mórthubaistí domhanda
	- Maitheas: tionscail bainte a chuireann ábhar tógála agus acmhainní fuinnimh ar fáil.	Cairéal áitiúil	Hidrea-carbóin Éireannacha	

Eochairthuairimí	Suímh		
	Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
- Tharlódh go dtosódh imreas go minic idir daoine, nach ionann a leas, faoin tslí ba cheart tairbhe a bhaint as tírdhreacha.	Spásanna oscailte i gceantair uirbeacha	Foraoiseacha agus páirceanna náisiúnta	

Aonad A2. An t-atmaisféar guairneánach: an t-ineall teasa

	Eochairsmaointe	Suímh		
		Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
(i)	Is é fuinneamh na gréine príomhfhoinse teasa an domhain. Tá an fuinneamh seo scaipthe go héagothrom ar fud dhromchla an domhain agus laistigh den atmaisféar. Tá an téamh éagothrom seo ina chúis le gluaiseachtaí aeir agus gluaiseachtaí uisce na farraige.			**Gluaiseachtaí domhanda aeir** Gluaiseachtaí aeir san Atlantach Thuaidh Feachtanna farraige san Atlantach Thuaidh.
(ii)	Tarlaíonn frontaí nuair a bhuaileann aer fuar na bpol le haer te an teochreasa sna meánleithid. Is é suíomh na bhfrontaí seo, maraon le gluaiseachtaí cothrománacha agus ingearacha an aeir, is cúis leis na hathruithe aimsire. Nuair a bhíonn aer ag éirí bíonn brú an atmaisféir íseal agus bíonn a lán scamall, frasaíochta agus gaotha láidre ann. Nuair a bhíonn aer ag ísliú bíonn brú an atmaisféir ard, ní bhíonn an oiread sin scamall ná frasaíochta ann agus bíonn na gaotha lag.		Aimsir na hÉireann	

	Eochairsmaointe	Suímh		
		Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
(iii)	Bítear i gcónaí ag tomhas saintréithe áirithe aimsire. - teocht - taiseacht - fórsa na gaoithe - treo na gaoithe Nuair a thuigtear rialtacht agus gréasáin na haimsire is féidir é a réamhaisnéis.	Stáisiún Aimsire Scoile/ áitiúla		
(iv)	Nuair a sheasann rialtacht aimsire ar feadh cuid mhaith ama ar fud réimsí fairsinge de dhromchla an domhain, is féidir tíopaí aeráide a aithint agus a rangú. Tá an áirithe sin tíopaí aeráide ann de réir an rangaithe a dhéantar ar aeráid agus tá a shainiúlacht inaitheanta féin ag baint le gach ceann acu, ag brath ar: - domhanleithead - fad ó aigéan agus ó fharraige - gnáthghaotha agus aermhaiseanna			

	Eochairsmaointe	Suímh		
		Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
	Téann airde agus rilíf i bhfeidhm ar na mórchreasa aeráide seo sna ceantair éagsúla.			
	Aithnítear na mór-ranna aeráide seo:			
	Aeráidí teo			Tíopa meán-chriosach Tíopa sabhána Tíopa an fhásaigh the
	Aeráidí measartha			Tíopa te-mheasartha aigéin. Tíopa fionnuar measartha aigéin
	Aeráidí fuara			Tíopa tundra Tíopa tuaisceartach.
	(BA CHEART GO MBEADH FIOS <u>GACH</u> TÍOPA AERÁIDE AG AN DALTA, AGUS BA CHEART STAIDÉAR A DHÉANAMH AR <u>CHEANN AMHÁIN</u> AS GACH ROINN).			
(v)	Bíonn idirghníomhaíochtaí, i slite éagsúla, idir an duine agus próisis agus gréasáin nádúrtha an atmaisféir.			
	- Tagann imeachtaí an duine i dtreis sna próisis agus sna gréasáin séo: dónn sé breosla iontaiseach mar shampla.			Iarmhairt cheaptha teasa

Eochairsmaointe	Suímh		
	Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
- Téann próisis agus gréasáin na haeráide i bhfeidhm ar imeachtaí an duine: m.sh., triomach, caitheamh aimsire/ turasóireacht.		Tura-sóireacht in Éireann	Triomach san Afraic **Turasóireacht ar Mhór-Roinn na hEorpa.**

Aonad A 3. Oibriú ár gcóras tacaíochta beatha*

	Eochairsmaointe	Suímh		
		Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
(i)	Idirghníomhaíonn aeráid, fásra agus an duine leis an ábhar scaoilte a tharlaíonn de bharr lomartha, chun ithir a dhéanamh. Is é atá in ithir ná meascán beo bríomhar de: - mianraí - i riocht tuaslagtha agus i riocht cáithníní - iarsmaí plandaí - miocrorgánaigh - uisce - aer	Staidéar ar ithir aitiúil		
(ii)	Imeasc na bpróiseas ithirdhéanmhasach tá: - díscaoileadh bith-eolaíoch ar easair phlandaí - síothlú usice tríd an ithir			
	Tarlaíonn sainchineálacha ithreach mar gheall ar idir-ghníomhú na bpróiseas seo. Tarlaíonn ciseal léaslíneach mar gheall ar éagsúlacht san ábhar orgánach, san uigeacht agus sa dath.	Staidéar ar ithir-phróifíl áitiúil	Aon dá ithir-chineál atá in Éirinn	**Ithreacha rua an Teochreasa**

	Eochairsmaointe	Suímh		
		Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
(iii)	Tá baint ag an bhfásra nádúrtha, i ngach réigiún ar dhromchla an domhain, leis an aeráid.			
	Tagann athrú ar an gcineál fásra de réir mar a thagann athrú ar an gcineál ithreach, agus tagann athrú, ar an gcuma chéanna, ar an gcineál ithreach de reír mar a thagann athrú ar an gcineál fásra atá ag fás san ithir.	Staidéar áitiúil		Fásra nádúrtha (a) in aeráid the (b) in aeráid mheasartha (c) in aeráid fhuar

* Tá an t-aonad seo ina cheangal leis an Siollabas Sóisearach Eolaíochta

ROINN B: DAONRA, GRÉASÁIN LONNAÍOCHTA AGUS UIRBIÚ

Aonad B 1. Daonra - dáileadh, éagsúlacht agus athrú

		Suímh		
	Eochairsmaointe	Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
(i)	Mhéadaigh daonra an domhain ar ráta éagothrom in imeacht ama			Méadú ar dhaonra an domhain
	Chuaigh roinnt rudaí i bhfeidhm ar luas an athraithe. Ina measc tá:			Athrú déimeagrafach
	- soláthar bia - cogadh - forbairt teicneolaíochta - sláinte - oideachas - ionad na mban sa tsochaí		Éire	An Bhrasaíl **An Iar-Ghearmáin**
	Níltear ar aon fhocal faoin luas a bheidh faoi mhéadú an daonra san am atá chugainn.			Réamhaisnéisí dóchasacha agus éadóchasacha faoi mhéadú daonra.
(ii)	Tá daonra an domhain, agus é á iniúchadh ar scálaí éagsúla, scaipthe go héagothrom ar fud an domhain. Laistigh den chuid is mó de na réigiúin, ní bhíonn dlús an daonra seasmhach ó áit go háit ná ó am go ham. Tá cuid de na cúiseanna atá leis seo:			
	- sóisialta/ stairiúil		Iarthar na hÉireann	An Bhrasaíl

Eochairsmaointe	Suímh		
	Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
- de thoradh acmhainní/ tír-raonta		Ceantar Átha Cliath	An Iodáil nó an tSualainn
(iii) Bíonn sainstruchtúr ar leith le fáil i ngach daonghrúpa, m.sh. cumasc aoise/gnéis. Tá an struchtúr atá le fáil i bpobal atá ag méadú go tapaidh difriúil i slite inaitheanta ón struchtúr atá le fáil i bpobal atá ag méadú go mall nó atá statach.	Staidéar áitiúil	Éire	An Bhrasaíl An Iar-Ghearmáin
(iv) Téann dlús an daonra i gceantar ar bith i bhfeidhm go mór ar chúrsaí sóisialta agus eacnamaíocha an cheantair sin:			
- Dlús an-ard:			Calcúta
- plódú			nó agus*
- ganntanas uisce ghlain			Hong Kong
- truailliú			
- ceal spáis oscailte			
- Dlús an-íseal:		Iarthar na hÉireann	Mailí
- rátaí íseal pósta			
- tréigean talún cúraíochta			
- leithleachas polaitíochta/ eacnamaíochta			

Eochairsmaointe	Suímh		
	Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
(v) Tá éagothroime léir shóisialta idir na réigiúin ar fud an domhain ar fad agus tá méid áirithe baint aige seo le tréithe doanra, cosúil le básmhaireacht leanaí agus ionchas saoil, mar shampla.			Gréasáin dhomhanda: idir Thuaidh agus Theas

* Gnáthchúrsa: Calcúta <u>Nó</u> Hong Kong

Ardchúrsa: Calcúta <u>agus</u> Hong Kong

Aonad B 2: Daoine ag aistriú

Eochairsmaointe	Suímh		
	Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
(i) Tá daoine ag aistriú ó áit go háit ar scálaí éagsúla leis na cianta agus is amhlaidh dóibh fós inniu. Téann daoine ar imirce ó réigiún go réigiún ar chúiseanna eagsúla, bíodh na cúiseanna sin meallach nó dochmúil:			
- Imirce an duine aonair: - Plódú - tuiscint go mbeadh deiseanna eacnamaíochta níos fearr ar fáil		Ó lár cathracha Ó Iarthar go hOirthear	Ó Éirinn go dtí An Ríocht Aontaithe agus S.A.M.
- Imirce eagraithe		Plandáil in Uladh	An cóilíniú a rinne Eorpaigh ar Mheiriceá Theas
(BEIFEAR AG SÚIL GO NDÉANFAIDH NA DALTAÍ STAIDÉAR <u>AR CHEANN AMHÁIN</u> DE NA SAMPLAÍ ATÁ TUGTHA D'IMIRCE AN DUINE AONAIR AGUS <u>CEANN AMHÁIN</u> D'IMIRCE EAGRAITHE.)			

Aonad B 3: Lonnaíocht: athrú gréasán sna háiteanna ina gcónaímid - sráidbhailte agus bailte móra

Eochairsmaointe	Suímh		
	Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
(i) Tá rian lonnaíochta dhaonna na haimsire atá caite agus na haimsire seo ar thír-dhreach an lae inniu. Tá baint ag an gcéad lonnú in áit le: - cad as a raibh na daoine ag teacht - an gá a bhí acu le - huisce - bia - cosaint - cumarsáid		Sampla ó cheann <u>amháin</u> de na réanna seo a leanas - na Réamh - Chríostaí - ochta - na Loch-lannach - na Nor-mánach - na Plan-dála	
(ii) Tá baint ag gréasáin dháilte na lonnaíochtaí cnuasta in Éirinn le roinnt rudaí ar a bhfuil: - Cúiseanna sóisialta agus staire: gréasáin agus próisis na haimsire atá caite príomhaíocht Átha Cliath - Acmhainní agus tír-raonta: airde gréasáin draenála mianach na talún		Gearrthagairt do bhailte móra agus do shráid bhailte cuí	
(iii) Le déanaí, táthar ag leanúint de bheith ag déanamh gréasán nua lonnaíochta ar thalamh atá míntírithe ón bhfarraige			Poldair san Isiltír

	Eochairsmaointe	Suímh		
		Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
(iv)	Is féidir lonnaíochtaí cnuasta a rangú de réir feidhme:- - An sráidbhaile - Lonnaíocht mhargaidh - Lonnaíocht chosanta - Lonnaíocht atá ag brath ar acmhainní - Lonnaíocht chalafoirt - Lonnaíocht chónaithe/ dhórtúir - Lonnaíocht chaitheamh aimsire - Lonnaíocht eaglasta (BEIFEAR AG SÚIL GO NDÉANFAIDH DALTAÍ STAIDÉAR AR LONNAÍOCHTAÍ A BHEIDH MAR SHAMPLAÍ DE THRÍ CINN AR BITH DE NA FEIDHMEANNA SEO)		Lonnaíocht in abhantrach in Éirinn.	Lonnaíocht in abhantrach na Réine
(v)	Is féidir athrú feidhme a theacht ar lonnaíochtaí le himeacht aimsire, m.sh. - nuair a éiríonn mianadóireacht tábhachtach - nuair a tharlaíonn forbairt eacnamaíochta ar an mórchóir.		Gearrthagairt do bhailte cuí	

Eochairsmaointe	Suímh		
	Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
(vi) Tagann fás ar naisc chumarsáide idir lonnaíochtaí de bharr aistriú daoine, earraí agus eolais (teil-eachumarsáid leictreonach san áireamh) eatarthu. Is cahbair na naisc seo, nuair atá siad ann, chun na lonnaíochtaí a fhorbairt.		Gréasán bóithre na hÉir-eann.	Bóithre idir-stát i S.A.M., iarnróid na Fraince, aerfoirt sa Chomhphobal Eorpach, iompar ar abhainn na Réine, teileachumarsáid (agus satailítí san áireamh). BEIFEAR AG SÚIL GO MBEIDH STAIDÉAR DÉANTA AG NA DALTAÍ AR CHÓRAS BÓITHRE NA hÉIREANN MARAON LE SAMPLA AMHÁIN IDIRNÁISIÚNTA. (GNÁTHCHÚRSA) **DHÁ SHAMPLA IDIR-NÁISIÚNTA (ARD-CHÚRSA).**

Aonad B4: Uirbiú: athrú gréasán sna háiteanna ina gcónaímid - cathracha.

	Eochairsmaointe	Suímh		
		Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
(i)	Tharla fás na mbailte móra agus na gcathracha le linn thréimhse na staire mar gheall ar fhorbairt a theacht ar ghníomhaíochtaí eacnamaíochta, riaracháin agus sóisialta.		An fhorbairt a tháinig ar chathair <u>amháin</u> in Éirinn.	
(ii)	Laistigh de chathracha aonair is féidir breac-ghréasáin atá criosaithe de réir feidhme, a aithint: - lárcheantar gnótha agus siopadóireachta - roinnt limistéar siopadóireachta atá níos lú - roinnt larionad siopadóireachta - limistéir thionscail - limistéir chónaithe - spásanna oscailte le haghaidh caitheamh aimsire.			Londain, Páras, Nua-Eabhrach (DÉANTAR STAIDÉAR AR <u>CHEANN AMHÁIN</u> DE NA CATHRACHA THUAS)
(iii)	Bíonn claonadh ann ag druidim le lár cathrach, luach na talún a bheith ag éirí agus úsáid na talún a bheith ag dul i ndéine.		Cathracha na hÉireann	
(iv)	Tá an-éagsúlacht ó thaobh fiúntais, cineáil agus aoise, le brath ar an gcóiríocht chónaithe i gcathair.		Cathracha na hÉireann	

	Eochairsmaointe	Suímh		
		Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
(v)	Bíonn gluaiseacht laethúil daoine i gcathair de réir ghréasáin atá inaitheanta ó thaobh ama agus spáis.		Cathracha na hÉireann	
(vi)	*Tá fadhbanna ag áitritheoirí cathrach de thoradh na mearathruithe sóisialta agus eacnamaíochta atá ag dul ar chathracha an Iarthair i rith na fichiú aoise: - creasa meatha agus sraoileála - seirbhísí bonneagair míshásúla - coscairt phobal - dífhostaíocht - coirpeacht		Cathracha na hÉireann	
(vii)	Tá roinnt tionscnamh tosaithe i gcathracha an Iarthair, de thoradh iarrachtai na n-údarás pleanála, na fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta seo a réiteach: - pleanáil bailte móra nua - athnuachan agus athfhorbairt ceantar lárcathrach	Scéimeanna áitiúla athnuach-ana uirbí	Tagairt do <u>cheann amháin</u> díobh seo a leanas: Baile Nua na Sionna, Tamhlacht, Saoirsí Átha Cliath.	

* GNÁTHCHÚRSA: Roghnaigh <u>ceann amháin</u> de na fadhbanna atá luaite in (vi) thuas chun staidéar a dhéanamh air.

ARDCHÚRSA: Roghnaigh <u>dhá cheann</u> de na fadhbanna atá luaite in (vi) thuas chun staidéar a dhéanamh orthu.

Eochairsmaointe	Suímh		
	Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
(viii) ** Tá greasáin agus fadhbanna fáis, atá éagsúil leo sin a bhíonn i gceist i gcathracha an Iarthair, i gcathracha na dtíortha a bhfuil forbairt á dhéanamh orthu. Tá claonadh sna fadhbanna seo éirí níos géire. Ina measc tá: - spásathruithe níos mó ó thaobh crutha agus feidhme - neamhionannas eacnamaíochta agus sóisialta níos mó - níos mó forbartha neamh-phleanáilte - easpa seirbhísí bonneagair - fás níos tapúla. ** (BEIFEAR AG SÚIL GO MBEIDH DALTAÍ FEASACH AR NA FADH-BANNA GO LÉIR IN (viii) THUAS. DÉANTAR MIONSTAIDÉIR MAR SEO A LEANAS: GHNÁTHCHÚRSA: FADHB <u>AMHÁIN</u> **ARDCHÚRSA: <u>DHÁ</u> FHADHB)**			São Paulo, Calcúta, Lima, Manila (DÉANTAR STAIDÉAR AR <u>CHEANN AMHÁIN</u> DE NA CATHRACHA THUAS)

ROINN C: GRÉASÁIN GHNÍOMHAÍOCHTA EACNAMAÍOCHTA

Aonad C1: Gníomhaíochtaí príomhúla eacnamaíochta: an domhan ina acmhainn

		Suímh		
	Eochairsmaointe	Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
(i)	Gníomhaíochtaí priomhúla eacnamaíochta is ea na gníomhaíochtaí sin trína mbaintear amhábhar neamh-phróiseáilte as carraigeacha, ithreacha agus uiscí dhromchla an domhain. Bunacmhainn nádúrtha is ea uisce agus tá gá leis chun an dé a choineáil sa duine agus san ainmhí agus chun bia a fhás. Is sampla é d'acmhainn ar féidir é a athnuachan.	Soláthar áitiúil uisce		Fairsingiú fásaigh san Afraic Mórscéim uiscithe i dtír Meánmhara, i gCalifornia, san Astráil, i nGleann na Níle (DÉANTAR STAIDÉAR AR SCÉIM <u>AMHÁIN</u> DÁ LEITHÉID).
(ii)	Ídíonn sochaí an lae inniu lear mór fuinnimh. Foinse tábhachtach fuinnimh is ea ola. Is sampla é d'acmhainn a bhfuil teora leis nó atá neamh-inathnuaite.		Ag iarraidh ola sa Mhuir Cheilteach	**An Araib Shádach**
(iii)	Tá baint ag ráta saothraithe acmhainne le hathrú teicneol-aíochta.		Móin i Machaire Láir na hÉireann	
(iv)	D'fhéadfadh ró-shaothrú acmhainn a ídiú.		Iascach	
(v)	Is féidir, agus tairbhe a bhaint as, a lán gníomhaíochtaí priomhúla eacnam-aíochta a iniúchadh mar chórais a bhfuil ionchuir, próisis agus aschuir acu.	Sain-tuairisc ar fheirm mheasctha áitiúil		

Aonad C2. Gníomhaíochtaí tánaisteacha eacnamaíochta: ag déanamh táirgí d'acmhainní

	Suímh		
Eochairsmaointe	Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
(i) Gníomhaíochtaí tánaisteacha eacnamaíochta is ea gníomhaíochtaí trína ndéantar amhábhar a phróiseáil, nó ábhar próiseáilte a phróiseáil a thuilleadh. Is féidir féachaint ar aon ghníomhaíocht thánaisteach eacnamaíochta mar chóras ionchur, próiseas agus aschur.	Monarcha áitiúil		
(ii) Bíonn an cinneadh aon mhonarcha ar leith a shuí in áit, ag brath ar roinnt rudaí. Ina measc tá: - ábhair acmhainní - oibrithe - áiseanna iompair - margaí - seirbhísí - caipiteal - polasaí rialtais/ Chomhphobal na hEorpa - rogha na ngnóeagraithe nó na bpobal áitiúil. Mar thoradh ar an tslí a n-idirghníomhaíonn na rudaí seo ar a chéile is iondúil go suítear cineálacha éagsúla tionscal in áiteanna difriúla.	Monarcha áitiúil	**Staidéar ar mhonarchana ar samplaí iad de thionscail éadroma agus troma.**	

	Eochairsmaointe	Suímh		
		Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
(iii)	Tá claonadh i dtionscail an lae inniu a bheith aistritheach, marab ionann agus na tionscail a bhíodh ann san am atá thart.		Sampla oiriúnach de chuid na hÉireann	
(iv)	Tagann athruithe de ghnáth, i bhfad na haimsire, ar an gcoibhneas ó thaobh tábhachta, atá idir na toscaí suite éagsúla, agus dá bharr sin tagann athru ar na gréasáin dáilte. D'fhéadfadh tionsclú nó meath ar an dtionsclaíocht i réigiúin ar leith a bheith i gceist sna hathruithe sin. Mar sin féin, tharlódh ar a lán cúiseanna eile nach ndéanfaí tionscal a athshuí, cé go mb'fhéidir go mbeadh sé ciallmhar ó thaobh na heacnamaíochta a leithéid a dhéanamh. Tugtar táimhe tionsclaíochta ar seo.	Sampla áitiúil más cuí		**Tionscal iarainn agus cruach na Breataine.**
(v)	Tá athrú tagtha ar an bhfeidhm a dhéanann mná don tionsclaíocht sna tíortha forbartha agus sna tíortha atá i mbéal forbartha.		An chuid de na hoibrithe ar mná iad.	**An tSín <u>nó</u> an A.P.S.S.**

Eochairsmaointe	Suímh		
	Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
(vi) Is féidir réigiúin "tionsclaithe", "réigiúin nua-thionsclaithe" agus "réigiúin atá éiritheach ó thaobh na tionsclaíochta de" a aithint ar scála domhanda.			Rangú Réigiún
(vii) Is féidir le gníomhaíocht tionsclaíochta dul i bhfeidhm i slite tábhachtacha ar thalmhaíocht, ar fhoraoiseolaíocht ar thurasóireacht agus ar mhianach an tsaoil.			Báisteach aigéadach san Eoraip.
D'fhéadfadh leas na dtionsclaithe teacht salach ar leas daoine eile.	Sampla áitiúil		Laghdú ar an líon uaireanta oibre.

Aonad C3: Gníomhaíochtaí treasacha eacnamaíochta: Cabhrú linn leas a bhaint as acmhainní

	Suímh		
Eochairsmaointe	Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
(i) Tá soláthar seirbhísí agus áiseanna i gceist le gníomhaíocht threasach eacnamaíochta. In eacnamaíocht fhorbartha bíonn líon mór gníomhaíochtaí san áireamh.		Samplaí oiriúnacha de chuid na hÉireann	
(ii) Turasóireacht: staidéar ar chás áirithe			
- Is gnách seirbhísí agus áiseanna turasóirí a bheith suite i réigiúin áirithe a bhfuil mealltacht faoi leith ag baint leo. Imeasc na réigiún sin bíonn: . ceantair a bhfuil áilleacht nádúrtha ag baint leo . tránna agus cóstaí . réigiúin ina bhfuil áiseanna caitheamh aimsire agus spóirt ar fáil iontu . cathracha		Samplaí oiriúnacha de chuid na hÉireann	
- Tá an aeráid ina cúis thábhachtach le réigiúin áirithe a bheith mealltach do thurasóirí.			Rogha Stáit/Réigiúin Eorpaigh.
- Tharlódh go ndéanfaí forbairt ar naisc iompair agus cumarsáide de bharr na turasóireachta.			Stát/Régiún Eorpach.

Eochairsmaointe	Suímh		
	Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
- D'fhéadfadh turasóireacht dul i bhfeidhm go dochrach ar an tsochaí agus ar an timpeallacht.			Stát/Réigiún Eorpach

Aonad C4. Éagothroime eacnamaíochta: acmhainní an domhain - cé a bhaineann sochar astu?

	Eochairsmaointe	Suímh		
		Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
(i)	Ó thaobh na heacnamaíochta de is féidir an domhan a roinnt idir thíortha a bhfuil forbairt déanta orthu, thiortha a bhfuil mear - fhorbairt á dhéanamh orthu agus thíortha atá á bhforbairt go mall.			Dáileadh maoine ar fud an domhain.
(ii)	San am atá thart is minic a bhain tíortha forbartha leas, ar mhaithe leo féin, as tíortha nach raibh chomh forbhartha sin. Fiú amháin sa lá atá inniu ann is gnách go mbíonn forlámhas ag na tíortha saibhre ar mhargaí an domhain, agus tá sé seo ina chiotaí ar thíortha bochta agus iad ag iarraidh a gcuid eacnamaíochta a fhorbhairt.		**Éire san am atá thart**	Staidéar ar shaintuairisc thrácht-earra idirnáisiúnta <u>amháin</u>
(iii)	Tugann stáit atá níos saibhre cabhair do stáit atá níos boichte ná iad. Níltear ar aon fhocal faoi éifeacht na gclár cúnaimh.		Cláir chúnaimh na hÉireann	
(iv)	Cuireann rudaí eile cosúil le hathrú aeráide, méadú ar an daonra, caiteachas ar airm, agus cogadh, moill ar fhorbairt eacnamaíochta.			Sampla oiriúnach ó thír atá á forbairt.

	Eochairsmaointe	Suímh		
		Áitiúla	Náisiúnta	Idirnáisiúnta
(v)	Bíonn difríochtaí laistigh de stáit, idir réigiúin shaibhre agus réigiúin bhochta		Difríochtaí idir iarthar agus oirthear in Éirinn	**Samplaí oiriúnacha ó Mhór-Roinn na hEorpa**
(vi)	Níltear ar aon fhocal faoin tslí ar chóir éagothroime eacnamaíochta a réiteach.	Tuairim áitiúil faoin Tríú Domhan		Dearcadh ón Tríú Domhan ar an gCéad Domhan.

5.1 MEASÚNÚ

5.1 Cuspóiri Measúnaithe

Tastálfar sa mheasúnú cumas an dalta iontu seo a leanas:

Eolas agus tuiscint ar

- na feiniméin shóisialta, eacnamaíocha agus nádúrtha atá áirithe san siollabas
- na próisis shóisialta, eacnamaíocha agus nádúrtha atá áirithe san siollabas
- an idirghníomhaíocht atá idir na próisis seo
- suíomh agus dáileadh na bhfeiniméan agus na bpróiseas seo sa cheantar, sa tír agus thar lear
- na tuairimí ginearálta, na prionsabail, na samhlacha agus na teoiricí a aithnítear sa siollabas
- na ceisteanna agus na fadhbanna sóisialta, eacnamaíocha agus timpeallachta atá i dtreis sa cheantar, sa tír agus thar lear.

A bheith ábalta

- an t-eolas cuí maidir lena bhfuil thuas a thabhairt chun cuimhne
- leas a bhaint as réimse bunfhoinsí agus as fo-fhoinsí eolais a bhaineann leis na ceisteanna a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu
- roinnt modhanna fiosraithe, ar a mbeidh bailiú, taifeadadh, léiriú, anailisiú, rangú agus míniú eolais, a roghnú agus a chur chun sochair
- ilghnéitheacht ábhair bunaidh a chur chun sochair agus a mhíniú: air sin bíodh:
  - léarscáileanna ar scálaí éagsúla
  - léaráidí, graif, cairteacha agus eolas eile i gcló fíoracha
  - fótagraif agus pictiúir a bhfuil tábhacht tíreolaíochta leo
  - staitisticí agus sonraí eile in uimhreacha
- eolas agus tuairimí a léiriú agus a chur in iúl i slite éagsúla, mar atá, léarscáileanna agus léaráidí, scríobh agus labhairt
- eolas a shintéisiú agus a mheas m.sh. teacht ar thátail, hipitéisí agus argóintí simplí a chruthú, breith a thabhairt de réir eolais, pleananna réalaíocha gníomhaíochta a mholadh.
- próisis anailíse agus tuairimí a fhoghlaimítear ar láthair amháin a

chur chun feidhme ar láthair eile.

5.2 Dhá mhodh measúnaithe

Bainfear leas as dhá mhodh chun na cuspóirí seo a thástáil: scrúdú deiridh agus staidéar allamuigh (roghnach).

5.2.1 An scrúdú deiridh

Beidh an scrúdú ar dhá leibhéal, Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Beidh dhá scrúdpháipéar ar fáil, ceann do gach leibhéal.

5.2.2 Staidéar allamuigh (roghnach)

Is féidir cuid d'iomlán na marcanna a lamháil don staidéar allamuigh má roghnaítear é. B'fhéidir ná beadh orthu siúd a roghnaíonn é cuid den scrúdpháipéar a fhreagairt.